Céard is féidir le soláithreoirí a dhéanamh?

Tá níos mó seans go mbeidh rannphártaíocht leanúnach ag tusmitheoirí nuair atá siad ar an eolas, ag baint taitneamh as an rannphártaíocht acu nuair atá roghanna acu, nuair atá siad ag déanamh rud gur suim leo agus nuair a airíonn siad sásamh nó cumas ina gcuid iarrachtaí.

Is féidir le soláithreoirí:

Aitheanntas a thabhairt go bhfuil chuile tuismitheoir difriúil agus go bhfuil rogha acu a bheith páirteach nó gan a bheith páirteach ar bhealaí éagsúla.

Lámhleabhar do thuismitheoirí a chur le chéile a bheas aistrithe do chéad theanga tuismitheoirí sa tseirbhís

Clár na bhfógraí a bheith ar fáil do thuismitheoirí ar ghnéithe éagsúla agus an nuachtlitir ag roinnt dialanna nó portfolios do obair na bpáistí agus ócáidí laethúil

Polasaí cúram leanaí a fhorbairt a aithníonn tuismitheoirí mar bhun oideachasóirí a gcuid bpáistí

Griangraf na foirne agus a gcuid teidil a thaispeáint

Deimhniú a dhéanamh de go bhfuil tréimhse tuisceannach "socrú isteach" do pháistí agus a gcuid tuismitheoirí

Féachaint chuige go bhfuil polasai doras oscailte

An fhoireann a bheith ar fáil nuair a bhíonn na páistí á fhágáil ionas gur féidir leo spraoi agus dea-iompar a roinnt le tuismitheoirí

Dublin City Childcare Focus Group

Grúpa Focas Cúram Leanaí Cathair Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh an ghrúpa i 2001 faoi choimirce Foram Pobal Baile Átha Cliath. Tá sé déanta suas do sholáithreoirí cúram leanaí phobail, soláithreoirí cúram leanaí príobháideacha agus tuismitheoirí rannpháirteach sa dá roinn. Is é an aidhm atá ag an ngrúpa focas ná cumarsáid dhá bhealach a fhorbairt idir soláithreoirí agus tuismitheoirí chomh maith le Coiste Cúram Leanaí Cathair Bhaile Átha Cliath. Tagann an grúpa le chéile uair sa mhí in oifigí an Bhardais.

Téarmaí Tagartha

- Dea-chleachtadh i gcúram leanaí a fhorbairt
- Rannphártaíocht na dtuismitheoirí a fhorbairt trí forbairt a dhéanamh ar ghréasáin tuismitheoirí
- A dhéanamh cinnte de go bhfuil ceangal bríomhar agus ionadaíocht ar Fhoram Coiste Pobal Cathair Bhaile Átha Cliath
- Ceangal a dhéanamh le Coiste Cúram Leanaí Baile Átha Cliath mar gheall ar polaisithe criticiúla le ceangail a dhéanamh le hionad achmhainne cúram leanaí áitiúla

DUBLIN Community FORUM

Dublin City Childcare Focus Group
Civic Offices, Block 4, Floor 1,
Wood Quay, Dublin 8
Tel (01) 2223259 Fax (01) 2222162
e-mail: community.forum@dublincity.ie
Website: www.dublin.ie//childcarefocusgroup

Cuireadh an t-eolas sa mbilleog seo le chéile ag Geraldine French (Comhairleoir i gCúram Leanaí) agus taispeánann sé an dearcadh acu siúd a bhí rannpháirteach sa gceardlann ag Grúpa Focas ar Chúram Leanaí Cathair Bhaile Átha Cliath ar an ábhar.

Irish

Dublin City Childcare Focus Group

Rannphártaíocht Tuismitheoirí i gCúram Leanaí Smaointe Phracticiúla do Thuismitheoirí & Soláithreoirí

Céard is brí le rannphártaíocht tuismitheoirí?

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach?

Céard is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh le páirt a glanced ann?

Céard is féidir le soláithreoirí a dhéanamh ionas go nglacfaidh

Céard is brí le rannphártaíocht tuismitheoirí?

Breathnaítear ar rannphártaíocht tuismitheorí, caomhneoirí agus an lucht cúram mar pháirt lárnach do dhea-chleachtadh i seirbhísí réamhscolaíochta. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear dea-chaidreamh a chruthú idir na tuismitheoirí agus iad atá ag soláthar seirbhís bunaithe ar an bhfís céanna acu araon le meas ar gach taobh.

Aithnítear go bhfuil gach tuismitheoir difriúil agus ar an gcaoi céanna is féidir le rannphártaíocht tuismitheoirí foirmeacha éagsúla a thógáil.D'fhéadfadh tuismitheoir amháin tairscint ar chúnamh a thabhairt ar thurasanna, d'fhéadfadh tuismitheoir eile fanacht i dteangmháil rialta ar thelefón nó d'fhéadfadh an triú tuismitheoir suí ar an gcoiste bainistíochta.Tá sé tábhachtach go nglacfadh soláithreoirí leis an leibhéal rannphártaíochta a bhfuil tuismitheoirí éagsúla compordach leis.

Is féidir le rannphártaíocht tuismitheoirí a bheith mar bhealach éifeachtach le tacaíocht a chruthú don fhoireann agus don soláithreoir. A mhéad ata ar eolas ag tuismitheoirí faoin tseirbhís is ea is dearfaí a bheas an chaidreamh oibre.

Tá se tábhachtach go dtuigtear an leas a dhéanfaidh gaol maith idir an tsoláithreoir agus an dtuismitheoir.

Roinnt prionsabail a bhaineann le rannphártaíocht tuismitheoirí ná:

Aitheanntas go gcaithfidh plé a dhéanamh ar na dearcaidh éagsúla faoi na rólanna éagsúla ag tuismitheoirí agus soláithreoirí

Ómós do pháistí agus dá dtuistí mar dhaoine aonair

Ómós do na bealaí éagsúla atá ag tuismitheoirí le grá a thaspeáint agus a thabhairt dá gcuid bpáistí.

Buntáistí do rannphártaíocht tuismitheoirí

- Méadú ar roinnt eolas idir tuismitheoirí agus oibrithe
- Tuismitheoirí ag caitheamh níos mó ama i suíomh cúram leanaí
- Luachanna clainne agus creideamh baile a thuiscint agus a thabhairt san áireamh ag an soláithreoir
- Tuismitheoirí ag méadú ar a gcuid eolas faoi thuismitheoireacht agus forbairt leanaí go ginearálta
- Ómós do thuismitheoirí mar gheall ar a gcuid eolas agus scileanna a thabhairt don suíomh cúram leanaí
- Níos mó muinín ag tuismitheoirí cinnithe a thógáil in oideachas a bpáistí níos déanaí
- Níos mó comhthuiscint idir an baile agus an tseirbhís, rud a chiallaíonn nach mbíonn mearmhall pháistí

- Cuidíonn rannphártaíocht tuismitheoirí in obair agus spreagadh a gcuid bpáistí, rud a chothaíonn tuilleadh muiníne agus mianta na dtuismitheoirí
- Aitheanntas go dtugann tuismitheoirí agus an fhoireann scileanna éagsúla leo i gcúram agus oideachas páistí
- Trí rannphártaíocht foghlameoidh chuile dhuine ómós agus aitheanntas a bheith acu dá chéile le néisteacht agus le bheith oscailte le bealaí nua le comhoibrú.

Céard is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh le páirt a ghlacadh?

Cabhair a thabhairt i bpéinteáil agus dearadh an ionad cúram leanaí.

Smaoineamh a dhéanamh ar rannphártaíocht i gcoiste tuismitheoirí más ann do.

Ábhair a thabhairt nó a athchúrsáil do ealaíon agus ceardaíocht.

Cabhair a thabhairt do bhailiú airgead agus smaointe a thabhairt faoi modhanna éagsúla le airgid a sholáthar.

Cabhair a thabhairt ar thurasanna nó picnicí.

Am a thógáil le labhairt leis an bhfoireann go rialta, cuimhniú ar dhea-thréithe an tseirbhís a mholadh chomh maith le cúrsaí a cheistniú.

Scéalta a théipáil nó a dhéanamh.

Eolas a roinnt maidir le cultúir éagsúla m.sh. nósanna, bia.

Scéalta agus griangrafanna a roinnt ón mbaile leis na soláithreoirí i dtreo agus gur féidir leo deighleáil leis an bpáiste mar chuid don chlann nó chomhludar.

Talann a roinnt m.sh.cóiceareacht, ceol.

Am a thógáil le polaisithe a léamh agus ábhair a sholáithar do chlár na bhfógraí ag tuismitheoirí.

Iarracht a dhéanamh freastal ar ócáidí nó cóisir atá eagraithe i rith na mbliana.

A bheith ar fáil d'ócáid speisialta nó maidin a chaitheamh leis an spraoi.